Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/223

12.1.2026

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.12273 — GIC REALTY / BROOKFIELD / NSR)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2026/223)

1. An 23 Nollaig 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Brookfield Asset Management Ltd. (Ceanada), faoi rialú Brookfield Corporation ('Brookfield', Ceanada),

— Reco Vault (Singeapór), faoi rialú GIC (Realty) Private Limited ('GIC Realty', Singeapór),

— National Storage REIT ('NSR', an Astráil).

Gheobhaidh Brookfield agus GIC Realty rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar NSR ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 8 Nollaig 2025.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta domhanda é Brookfield a úsáideann comhthiomsuithe de chaipiteal lánroghnach ar fud an domhain d'infheisteoirí ar fud a phríomhghnólachtaí, lena n-áirítear a ghnólacht bainistithe sócmhainní agus a ghnólachtaí oibriúcháin atá dírithe ar chumhacht agus aistriú in-athnuaite, bonneagar, cothromas príobháideach, agus réadmhaoin, agus ar chreidmheas corparáideach, sócmhainní réadacha agus cothromais liostaithe, agus léasú eitlíochta agus maoiniú speisialtachta,

— Is cuideachta sealbhaíochta é GIC Realty le haghaidh infheistíochtaí réadmhaoine a dhéantar thar ceann Rialtas Shingeapór. Is eintiteas infheistíochta é Reco Vault atá faoi lánúinéireacht GIC Realty,

— Is soláthraí féinstórála é NSR san Astráil agus sa Nua-Shéalainn, agus tá thart ar 95 000 custaiméir cónaithe agus tráchtála aige ag níos mó ná 250 ionad stórála ar fud na hAstráile agus na Nua-Shéalainne. Cuireann NSR féinstóráil, stóráil ghnó, stóráil fíona faoi rialú aeráide, stóráil feithiclí, fruiliú feithiclí agus leantóirí, pacáistiú, árachas agus seirbhísí eile ar fáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12273 — GIC REALTY / BROOKFIELD / NSR

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË